Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026
(OR. en)**

**6142/26**

**ESPACE 24
RECH 54
COMPET 164
IND 103
TRANS 60
AVIATION 20
MAR 22
TELECOM 61
CSC 95
CSDP/PSDC 79
COEST 117**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le comhaontú lena leagtar síos na rialacha le haghaidh rannpháirtíocht na hÚcráine i gcomhpháirt GOVSATCOM de chlár spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus le haghaidh rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán |

**CINNEADH (AE) …/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht**
**idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin**
**maidir le comhaontú lena leagtar síos na rialacha le haghaidh rannpháirtíocht na hÚcráine**
**i gcomhpháirt GOVSATCOM de chlár spáis an Aontais**
**agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán,**
**agus le haghaidh rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM**
**agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 189(2), i gcomhar le Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 7(2), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/696, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ('an Rialachán Spáis'), déantar foráil maidir le rannpháirtíocht na dtíortha is iarrthóirí i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais, faoi réir comhaontú atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Le hAirteagal 8(1) den Rialachán Spáis, foráiltear gur féidir cead a thabhairt do thríú tíortha rochtain a bheith acu ar sheirbhísí GOVSATCOM ar choinníoll go dtabharfaidh siad comhaontú i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE agus go gcomhlíonfaidh siad Airteagal 43 den Rialachán sin.

(2) Le hAirteagal 11(3) agus Airteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] ('an Rialachán maidir le Nascacht Shlán'), déantar foráil maidir le rannpháirtíocht na dtíortha is iarrthóirí i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, faoi réir comhaontú atá le tabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE. Le hAirteagal 40 den Rialachán maidir le Nascacht Shlán, foráiltear gur féidir le tríú tíortha rochtain a bheith acu ar sheirbhísí rialtais ar choinníoll go ndéanfaidh siad comhaontú a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le hAirteagal 218 CFAE, lena leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha chun rochtain a fháil ar sheirbhísí rialtais, agus go gcomhlíonfaidh siad Airteagal 43(1) den Rialachán Spáis.

---

1 Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

2 Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 79, 17.3.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

(3) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile[3] i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(4) Tháinig an Comhaontú idir an Úcráin agus an tAontas Eorpach maidir leis na nósanna imeachta slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú[4] i bhfeidhm an 1 Feabhra 2007.

(5) Le Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle[5], leagtar amach na freagrachtaí atá le feidhmiú ag an gComhairle agus ag an Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') chun bagairt ar shlándáil an Aontais nó ar shlándáil ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a chur ó dhoras nó chun díobháil thromchúiseach do leasanna bunriachtanacha an Aontais nó do leasanna bunriachtanacha ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit a mhaolú, ar bagairt nó ar díobháil í sin a eascraíonn as imscaradh, oibriú nó úsáid na gcóras arna gcur ar bun agus na seirbhísí arna soláthar faoi GOVSATCOM, mar chomhpháirt de chlár spáis an Aontais, nó de Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, nó i gcás bagairt ar oibriú aon cheann de na córais sin nó ar sholáthar na seirbhísí sin.

---

3 IO L 161, 29.5.2014, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2014/295/oj).

4 IO L 172, 5.7.2005, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2005/481/oj.

5 Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES (IO L 170, 12.5.2021, lch. 178, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/698/oj).

(6) Le rannpháirtíocht na hÚcráine i gcomhpháirt GOVSATCOM de chlár spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus le rochtain na hÚcráine ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, rannchuideofar le ról na hEorpa mar ghníomhaí domhanda a neartú agus cuirfear comhar idirnáisiúnta chun cinn i gcomhréir leis an Straitéis Spáis don Eoraip. Le comhaontú leis an Úcráin, neartófar seasamh straitéiseach an Aontais i gcomhréir le Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh um Shlándáil agus Cosaint.

(7) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích leis an Úcráin lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÚcráine i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus an Úcráin lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hÚcráine i gcomhpháirt GOVSATCOM de chlár spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán, agus maidir le rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 3*

Leis seo, dírítear na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 4*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um an Spás, a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*